Nuachtlitir

Gaelscoil Ruairí
Maigh Nuad

14 Samhain 2022 Uimhir 13

Imeachtaí Iar-Scoile:
Leanfaidh na himeachtaí iar-scoile ar aghaidh amárach do na páistí i Rang a 1 /Rang a 2 díreach i ndiaidh scoile. Críochnóidh sé ar a 3.10i.n.
After-School Activities:
The After-School Activities for 1st / 2nd Class children will continue tomorrow immediately after school. They will finish at 3.10p.m.

Coiste na dTuismitheoirí:
1. Maidin Caifé:

Bíonn maidin caifé neamhfhoirmiúil gach Máirt tar éis na páistí a fhágáil ag an scoil in san Caifé Brew Abú ag an gclubteach ag an gCLG i Maigh Nuad. Tá fáilte roimh chách.

2. Crannchur an Gheimhridh:

Déanfar an crannchur ar an Aoine an 16 de mhí na Nollag ag an tionól scoile. Táimid ag cur ciseacha le chéile faoi lathair do na duaiseanna agus bheimis thar a bheith buíoch as aon rud go bhféadfaí a thabhairt dúinn le cur isteach iontu. Déanaigí teagmháil le baill an choiste nó thar ríomhphoist ar coistetuisti@gaelscoilruairi.ie

3. Ranganna Gaeilge:

Beidh an dá rang ag dul ar aghaidh sa scoil oíche amarach ar a 8i.n; rang d'fhoghlaimeoirí agus rang comhrá.

4. Lotto:

Comhghairdeas le Maeve Campbell a bhuaigh an lotto, €20 agus bosca seacláide ar an Aoine. Seasann an pota óir ar €375 anois. Go n-éirí le gach duine!

Parents' Committee:
1. Coffee Morning:

An informal coffee morning for parents takes place every Tuesday morning directly after the school drop-off at the Brew Abú Café, GAA Clubhouse. All are very welcome.

2. Winter Raffle:
This year's raffle will take place on Friday, 16th December. We are currently putting together hampers as prizes and would welcome donations of any size to put towards them. Please contact any of the Coiste members or by email coistetuisti@gaelscoilruairi.ie
3.Irish Classes:
Beginners and conversational classes will both run this Tuesday evening at 8p.m.
4. Lotto:
Congratulations to Maeve Campbell who won €20 and a box of chocolates on Friday. The jackpot stands at €375. Best of luck to everyone!

Nuachtlitir

Gaelscoil Ruairí
Maigh Nuad

14 Samhain 2022 Uimhir 13

Boscaí 'Team Hope':
Baileofar na boscaí 'Team Hope' amárach ón scoil. Míle buíochas le gach duine a sheol bosca isteach.
'Team Hope' Boxes:
The 'Team Hope' boxes will be collected from the school tomorrow. Thank you to everyone who sent in a box.

Roinn Oideachais- Próiseas Comhairliúcháin chun polasaí a fhorbairt don oideachas lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht:
Tá an Roinn Oideachais tar éis tús a chur le próiseas comhairliúcháin phoiblí, ag lorg tuairimí ó pháirtithe leasmhara, chun eolas a sholáthar d'fhonn polasaí nua a fhorbairt don oideachas lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht.

Comhlánaigh ceistneoir ar líne anseo

Tugtar cuireadh do bhaill an phobail agus do pháirtithe leasmhara, lena n-áirítear daoine óga, tuismitheoirí/caomhnóirí, múinteoirí/oideoirí luathbhlianta, ceannairí scoile, baill bhoird bhainistíochta scoileanna, eagraíochtaí bainistíochta scoileanna, páirtithe leasmhara oideachais agus páirtithe leasmhara na Gaeilge, a n-ionchur a bheith acu ar an topaic thábhachtach seo.

Beidh na léargais agus an t-eolas ar phríomhcheisteanna a bhailítear le linn an phróisis seo mar fhoinse luachmhar chun treoir a thabhairt agus an polasaí á fhorbairt.

Department of Education - Consultation process to develop a policy on Irish-medium education outside of the Gaeltacht:

The Department of Education has opened a public consultation process, seeking the views of interested stakeholders, to inform the development of a new policy for Irish-medium education outside of the Gaeltacht.

Complete the online questionnaire here

Members of the public and interested stakeholders, including young people, parents/guardians, teachers/early years educators, school leaders, members of school boards of management, school management bodies, education stakeholders and Irish-language stakeholders are invited to have their say on this important topic.

The insights and information on key issues gathered during this process will serve as a valuable resource to inform policy-development.

Seachtain Eolaíochta:

1.Tá Ollscoil Mhá Nuad ag eagrú Oíche Eolaíochta do pháistí bunscoile agus a dteaghlaigh ar an Aoine beag seo ó a 6i.n. - 8.30i.n. agus tá fáilte roimh chách. Tá gach eolas ar fáil tríd an nasc seo,

Science Week 2022 | Maynooth University

2. Eagrófar turgnaimh sa scoil do na páistí ar fad an tseachtain seo.

3. Tá páistí ó Choláiste Pobail Mhaigh Nuad chun teacht agus taispeántas a dhéanamh do R1/R2 an tseachtain seo mar chuid den tseachtain eolaíochta.

4. Déanfar go leor oibre an tseachtain seo ar scoil dár bhfeachtas chun Brat glas a fháil don scoil.

Science Week:

1.Maynooth University is organising a Science Night for primary school children and their families this Friday from 6pm - 8.30p.m. and everyone is welcome. All information is available through the link below,

Science Week 2022 | Maynooth University

2. Experiments will be organised in school this week for all the children.

3. Students from Maynooth Community College will be doing a presentation for 1st/2nd class this week as part of Science Week.

4. A lot of work will take place this week as part of our Green Flag Campaign.

Suíomh Greasáin Nua - www.abair.ie:

Tá an suíomh greasáin seo nua agus seolta ag Coláiste na Trionóide le déanaí. Is féidir focal nó abairt nó alt ó leabhar i nGaeilge a chur isteach agus léann sé amach i nGaeilge é. Tá trí chanúint ar fáil chomh maith. Molaimid daoibh triail a bhaint as sa bhaile.

New Website - www.abair.ie :

This is a new website and recently launched by Trinity College. A word, sentence or paragraph can be inputted in Irish and it reads it back in your chosen dialect. It is definitely a site to try at home!

Parcáil:

Ba mhaith linn a mheabhrú do thuismitheoirí/chaomhnóirí agus feighlithe nach bhfuil aon phairceál ceadaithe ag an mbóthar taobh amuigh den scoil. Is gá do gach duine páirceáil ag carrchlós an CLG trasna an bhóthair.

Parking:

We would like to remind parent/ guardians and childminders that there is no parking on the road outside the school gates. Everyone must park at the GAA carpark across the road and walk over to the school.

Géarchéim Ionadaithe:

Tá an-deacrachtaí ar scoileanna teacht ar ionadaithe faoi lathair. Má bhíonn aithne ag pobal na scoile ar aon mhúinteoirí bunscoile a bheadh ar fáil le haghaidh ionadaíochta iarraimid oraibh iad a chur i dteagmháil linn.

Sub Crisis:

It is currently extremely difficult for schools to obtain substitute teachers. If any member of the school community knows any primary school teachers that may be available to substitute please put them in contact with us here in the school.

—----------

Cabhair de dhíth Arís!

Tá cúpla seilf eile faighte againn agus le cur le chéile agann anois. Bíonn an scoil oscailte go dtí a 6.30i.n. Dá mbeadh aon duine ar fáil le teacht isteach an tseachtain seo am ar bith idir a 8i.n. agus a 6.30i.n. chun cabhrú linn iad a chur le chéile bheimis iontach buíoch mar is gnáth.

Help Needed Again!

We have received some more shelves and now need to assemble them. The school is open until 6.30p.m. daily. If anyone was available to come in and help us with this during the week between 8am and 6.30p.m. we would very much appreciate it.

—----------